# Nuacht Litir

# Nollaig 2017

### Aiden ó Schools Heritage Programme



Tháinig Aiden Dockery ó Schools Heritage Programme isteach agus bhí sé ag caint le na gasúir faoi go leor rudaí stairiúil. Bhí go leor déantáin (artefacts) aige agus bhí sé dhá dtasipeáint do na gasúir.

### Gasúir ina bhfuil buanna bainte amach astu

Bhí Shannon ag comórtas damhsa i Sasana agus tháinig sí sa 45ú háit amach as na gasúir uile a bhí ann.



Tháinig Síofra sa gcéad áit sa gcomórtas ealaíne Comhair Creidhmheasa, Ciarán sa dara háit agus Kate sa tríú háit. Fuair Caoimhe F, Aliaya, Paul agus Diarmad ardmholadh. Sa gcomórtas ealaíne a bhí ag CLG Naomh Anna, tháinig Síofra sa gcéad áit arís agus fuair sí bonn!!! Fair plé daoibh ar fad!!



## PALS

Déanann na hardranganna PALS nó Peer Assisted Learning. Bíonn na gasúir ag obair i mbeirteanna ar ghníomhachtaí léitheoireachta.



## Tionscnaimh iasc

Bhí Brendan ón Atlatiquarium istigh arís le haghaidh na tionscnaimh a chríochnú le na gasúir. Rinne siad turgnamh ar scuid. D'fhoghlaim siad an oiread!

## Boscaí Hope

Go raibh míle maith agaibh le daoine a thug isteach na boscaí Hope. Bhailigh muid 35 bosca! Nár laga Dia sibh!



## Lá Scéalaíochta 21/11/17

Chuaigh Rang Síle agus Rang Áine chuig An Cheathrú Rua le Lá Scéalaíochta a bhí eagraíthe ag Cumann Tuismitheoirí na Gaeltachta. Bhí siad ag éisteacht le scéalta éagsúla agus fuair siad uilig mála le leabhair.



## Seachtain Cairdis 27/11/17-1/12/17

Bhí seachtain cairdis againn i mbliana. Bhí go leor imeachtaí éagsúla againn. D'eagraigh Coiste na dTuismitheoirí ceardlann do thuismitheoirí faoi bhulaíocht ar líne (cyberbullying)-le bheith ar siúl tar éis na Nollag. Chuaigh Rang 4-6 chuig Scoil Bhriocáin i Ros Muc chun cluiche peile agus cúrsa ar Cyber Bullying a dhéanamh. Tháinig gasúir ó Scoil Bhriocháin chugainn ag déanamh cluichí sa scoil. Bhí crann cineáltais, 'oddsocks Tuesday', Am Ciorcail, léitheoireacht bheirte agus seacláid te len 'buddy' againn. Bhí an-seachtain againn!





## Dráma na Nollag 13/12/17

Rinne muid ár ndráma faoi dhó arís i mbliana. Bhí léiriú iarnóna againn sa lá le haghaidh na tuismitheoirí agus arís san oíche nuair a rinne muid os comhair an phobail sa séipéal é. Bhí Cór Cois Fharraige ann agus go leor aoíonna speisialta. Bhí damhsa, dánta, ceol agus amhráin ann. Bhí oíche fíor speisialta againn!



## Maidin Caife 18/12/17

Bhí Maidin Caife againn in Ionad Pobail, Ros a' Mhíl ar son Cumann Naomh Uinsinn de Póil. Bhailigh muid €252.10!! Tháinig an Naíonra isteach linn agus bhí stáisiúin na Nollag againn idir ealaín, spórt, cártaí Nollag, seacláid te agus cluichí eile. Bhí maidin an-ghnóthach againn agus bhain na gasúir an-sásamh aisti!!!



## Seic ó Choiste na dTuismitheoirí



Ghlac Síle le seic €1465 ó Choiste na dTuismitheoirí - airgead a bhí faighte acu ón dioscó a eagraíodh i Mí Bealtaine seo caite. Beidh an t-airgead ag dul i dtreo an Scéim Leabhair. Bronnadh seic €615 ar an Naíonra ón Lá Clainne agus tá €615 eile sa chuntas ag Coiste na dTuismitheoirí ón lá sin. Míle buíochas libh!!

## Ceol Dráma - Pantó 20/12/17

Chuaigh an scoil uile chuig an ceol dráma nó pantó 'Rudolf Saves Christmas' a bhí ar siúl i Leisureland. Bhain na gasúir an-sult as!



## Connacht Tribune agus www.coisfharraige.ie

Scaití bíonn scéalta agus nuacht faoin scoil sa Chonnacht Tribune agus ar an suíomh idirlín atá ag Cumann Forbartha Chois Fharraige. Coinnigh súil amach dóibh!!

CONNACHT TRIBUNE

## Roinnt pictiúr ó na Stáisiúin Nollag














**Athoscailt: 8/1/18**